Na Scileanna Traschuraclaim a Mheasúnú

Curaclam Thuaisceart Éireann

Leibhéil de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte

sa Chumarsáid trasna an Churaclaim
sna Gaelscoileanna:
Eochairchéim 3 (Leibhéil 1-7)

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt

(Treoir Neamhreachtúil)

Leagan Gréasáin

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt Eochairchéim 3 (Leibhéil 1-7)

Aidhm na Cáipéise seo

Tá an treoir seo a leanas ann le tacú le múinteoirí agus iad ag déanamh measúnú ar dhaltaí de réir na Leibhéal de Dhul Chun Cinn don Chumarsáid.

Tugann an treoir seo míniú agus eiseamláiriú níos mine ar na critéir a bhaineann leis na Leibhéil de Dhul Chun Cinn. Is ar mhaithe le cúrsaí léiriúcháin amháin atá na samplaí ann. Léiríonn siad roinnt dóigheanna ina dtig le daltaí cumas a léiriú ag leibhéal ar leith.

Leibhéil de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt
Leibhéil 1-7

Riachtanais le hAghaidh Cumarsáide Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna a fhorbairt in: **Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt** Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:	**Leibhéal 1** **I gcásanna coitianta, agus iad ag éisteacht le agus ag freagairt do réimse de spreagthaigh, tig le daltaí:**
• **éisteacht le plé, míniúcháin, rólghlacadh agus cur i láthair, iad seo a thuiscint agus a bheith rannpháirteach iontu;**	• **éisteacht le faisnéis a thuiscint agus a fháil;** Tig le daltaí ciall a bhaint as a bhfuil cluinte acu agus freagairt dó de réir mar is cuí, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá. • **ról duine eile a ghlacadh;** Tig le daltaí iad féin a iompar agus labhairt amhail is gur duine eile iad, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá. Tig leo, mar shampla, a chur i gcéill gur dochtúir iad agus go bhfuil steallaire de dhíth orthu srl. • **míniúcháin ghairide agus plé simplí a thuiscint;** Tá buntuiscint ag daltaí ar a bhfuil á mhíniú dóibh agus tig leo a bheith páirteach i bplé simplí, mar shampla, labhairt lena 'bpáirtí freagartha' (páirtí labhartha). • **treoracha gairide simplí a thuiscint agus a leanúint;** Tig le daltaí éisteacht le treoracha simplí ar nós "Cuir do bhruscar sa bhosca bruscair", iad a thuiscint agus a leanúint.
• **ráitis a thabhairt, ceisteanna a chur agus freagairt do dhearcthaí daoine eile;**	• **ceisteanna a chur agus a fhreagairt ar mhaithe le faisnéis faoi leith;** Cuireann daltaí ceisteanna simplí nuair ba mhaith leo eolas ar leith a fháil agus tugann siad freagraí bunúsacha ar cheisteanna, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá.
• **faisnéis, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl ag úsáid stór focal atá ag leathnú;**	• **stór focal simplí óna n-eispéiris féin a úsáid le cur síos ar smaointe agus ar mhothúcháin;** Tig le daltaí stór focal simplí óna n-eispéiris féin a úsáid le cur síos ar smaointe agus ar mhothúcháin, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá.
• **a gcuid cainte a struchtúrú le go dtuigfidh daoine eile a gcuid smaointe;**	• **iarracht a dhéanamh labhairt ar a gcuid eispéireas féin;** Tig le daltaí cur síos ar rud a tharla le go dtuigfidh daoine eile é, mar shampla, labhairt ar na háiteanna ar thug siad cuairt orthu, ar na daoine a casadh orthu agus ar na rudaí a rinne siad, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá.
• **labhairt go soiléir agus dóigheanna labhartha a oiriúnú don lucht éisteachta agus don chás;**	• **labhairt go hinchloiste le go gcluinfear agus le go dtuigfear iad;** Tig le daltaí, agus iad ag éirí níos muiníní i gcónaí, labhairt go hinchloiste le go gcluinfear agus le go dtuigfear iad.
• **dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl agus le haird an éisteora a tharraingt.**	• **teagmháil súl a dhéanamh ar mhaithe le tuiscint agus seal a ghlacadh i gcomhrá.** Tig le daltaí teagmháil súl a dhéanamh agus iad ag labhairt le duine, agus ligean do dhaoine eile labhairt, nuair a bhíonn siad ag obair i bpéirí nó i ngrúpaí beaga, mar shampla.

Leibhéal 2	Leibhéal 3
I gcásanna coitianta, agus iad ag éisteacht le agus ag freagairt do réimse de spreagthaigh, tig le daltaí:	**I réimse de chásanna agus le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí éagsúla, tig le daltaí:**
• **príomhphointí comhrá agus míniúchán a shainaithint;** Tig le daltaí éisteacht le faisnéis i gcásanna coitianta agus a dtuiscint a léiriú le freagairt chuí. • **páirt a ghlacadh i rólghlacadh, ag idirghníomhú le daoine eile;** Agus rólghlacadh ar bun, tig le daltaí iarracht a dhéanamh cloí leis an charachtar le linn an taisc iomláin, agus iad ag idirghníomhú le daoine eile a bhfuil ról comhlántach acu. • **éisteacht le treoracha agus iad a thuiscint agus a leanúint go céimníoch;** Tig le daltaí éisteacht le sraith treoracha, ciall a bhaint astu agus iad a leanúint.	• **éisteacht le faisnéis ar leith a fháil;** Éisteann daltaí agus díríonn siad aird ar fhaisnéis ar leith a fháil, faisnéis a sainaithníodh roimh an tasc. • **cloí le ról;** Tig le daltaí ról a ghlacadh, cloí leis agus a dtuiscint a léiriú air trí bheith ag freagairt mar is cuí, mar shampla, ról duine atá ag dul ar imirce go Meiriceá le linn an Ghorta Mhóir a ghlacadh.
• **plé a leanúint, cur leis an phlé agus gnásanna comhrá a chomhlíonadh;** Éisteann daltaí le daoine eile i mbun plé agus cuireann siad a gcuid smaointe féin chun tosaigh. Ligeann siad do dhaoine eile labhairt gan cur isteach orthu agus déanann siad sealaíocht. • **ceisteanna a chur le tuiscint a fhorbairt;** Tig le daltaí ceisteanna a chur ina gcuid focal féin le soiléiriú a iarraidh.	• **príomhphointí plé a leanúint agus cur leis an phlé le tuiscint a chur in iúl;** • **ceisteanna a chur faoina gcluineann siad ar mhaithe le tuiscint iomlán a bhaint amach;** Tig le daltaí ceisteanna 'cén dóigh' agus 'cad chuige' a bhfuil cuspóir leo a chur le cur lena dtuiscint.
• **stór focal ginearálta a úsáid le smaointe, samhluithe agus barúlacha a chur in iúl;** Tá teanga agus struchtúir abairtí á bhforbairt ag daltaí le go dtig leo labhairt ar a gcuid smaointe agus mothúchán, agus a mbarúlacha a chur in iúl i gcomhthéacsanna éagsúla.	• **a mbarúlacha/smaointe a mhíniú;** Tig le daltaí a rá cad chuige a bhfuil dearcadh ar leith acu ar ábhar nó ar mhórcheist. Tig leo labhairt ar cén dóigh agus cad chuige ar thug siad faoi thasc ar bhealach áirithe. • **stór focal atá ag méadú a úsáid;** Tig le daltaí a bheith páirteach i bplé agus i gcomhrá agus stór focal níos leithne/suimiúla in úsáid acu, mar shampla, molann siad aidiachtaí le cur síos ar áit ar thug siad cuairt uirthi.
• **imeachtaí a chur in ord agus míniúchán a thabhairt;** Tig le daltaí labhairt ar roinnt mionsonraí in ord a fhágann go bhfuil ciall leo, mar shampla, cur síos a dhéanamh ar lá scoile.	• **imeachtaí a chur in ord agus a bhfuil le rá acu a phleanáil;** Tig le daltaí a bhfuil le rá acu a phleanáil, agus iad ag baint úsáid as critéir ratha más gá, sa dóigh go mbeidh struchtúr ar a bhfuil le rá acu agus le go dtuigfidh an duine atá ag éisteacht é.
• **labhairt go soiléir le go gcluinfear agus le go dtuigfear iad;** Tig le daltaí labhairt ar bhealach atá soiléir go leor le go gcluinfidh daoine eile iad agus le go mbainfidh siad ciall as a bhfuil á rá acu.	• **an guth agus an tuin chainte a athrú;** Úsáideann daltaí friotal i gcásanna éagsúla agus athraíonn siad an tuin chainte dá réir.
• **comharthaíocht choirp a úsáid le rannpháirtíocht a chur in iúl.** Tig le daltaí rannpháirtíocht a chur in iúl trí bheith ag freagairt go cuí dá bhfuil ar bun agus trí shuim a léiriú ann, mar shampla, a gceann a sméideadh agus a bheith ag amharc ar an duine atá ag caint.	• **a thuiscint gur féidir go mbeidh tionchar ag comharthaíocht choirp ar an duine atá ag éisteacht.** Tig le daltaí comharthaíocht choirp a úsáid agus iad ag idirghníomhú le daoine eile, lena bhfuil á rá acu a threisiú.

Leibhéil de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt
Leibhéil 1-7

Riachtanais le hAghaidh Cumarsáide Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna a fhorbairt in: **Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt** Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:	**Leibhéal 3** **I réimse de chásanna agus le haghaidh spriocghrúpaí agus cuspóirí éagsúla, tig le daltaí:**
• **éisteacht le plé, míniúcháin, rólghlacadh agus cur i láthair, iad seo a thuiscint agus a bheith rannpháirteach iontu;**	• **éisteacht le faisnéis ar leith a fháil;** Éisteann daltaí agus díríonn siad aird ar fhaisnéis ar leith a fháil, faisnéis a sainaithníodh roimh an tasc. • **cloí le ról;** Tig le daltaí ról a ghlacadh, cloí leis agus a dtuiscint a léiriú air trí bheith ag freagairt mar is cuí, mar shampla, ról duine atá ag dul ar imirce go Meiriceá le linn an Ghorta Mhóir a ghlacadh.
• **ráitis a thabhairt, ceisteanna a chur agus freagairt do dhearcthaí daoine eile;**	• **príomhphointí plé a leanúint agus cur leis an phlé le tuiscint a chur in iúl;** • **ceisteanna a chur faoina gcluineann siad ar mhaithe le tuiscint iomlán a bhaint amach;** Tig le daltaí ceisteanna 'cén dóigh' agus 'cad chuige' a bhfuil cuspóir leo a chur le cur lena dtuiscint.
• **faisnéis, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl ag úsáid stór focal atá ag leathnú;**	• **a mbarúlacha/smaointe a mhíniú;** Tig le daltaí a rá cad chuige a bhfuil dearcadh ar leith acu ar ábhar nó ar mhórcheist. Tig leo labhairt ar cén dóigh agus cad chuige ar thug siad faoi thasc ar bhealach áirithe. • **stór focal atá ag méadú a úsáid;** Tig le daltaí a bheith páirteach i bplé agus i gcomhrá agus stór focal níos leithne/suimiúla in úsáid acu, mar shampla, molann siad aidiachtaí le cur síos ar áit ar thug siad cuairt uirthi.
• **a gcuid cainte a struchtúrú le go dtuigfidh daoine eile a gcuid smaointe;**	• **imeachtaí a chur in ord agus a bhfuil le rá acu a phleanáil;** Tig le daltaí a bhfuil le rá acu a phleanáil, agus iad ag baint úsáid as critéir ratha más gá, sa dóigh go mbeidh struchtúr ar a bhfuil le rá acu agus le go dtuigfidh an duine atá ag éisteacht é.
• **labhairt go soiléir agus dóigheanna labhartha a oiriúnú don lucht éisteachta agus don chás;**	• **an guth agus an tuin chainte a athrú;** Úsáideann daltaí friotal i gcásanna éagsúla agus athraíonn siad an tuin chainte dá réir.
• **dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl agus le haird an éisteora a tharraingt.**	• **a thuiscint gur féidir go mbeidh tionchar ag comharthaíocht choirp ar an duine atá ag éisteacht.** Tig le daltaí comharthaíocht choirp a úsáid agus iad ag idirghníomhú le daoine eile, lena bhfuil á rá acu a threisiú.

Leibhéal 4	Leibhéal 5
I réimse de chomhthéacsanna agus cuspóirí éagsúla agus spriocghrúpaí difriúla á gcur san áireamh, tig le daltaí:	**I réimse de chomhthéacsanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus le haghaidh cuspóirí éagsúla agus spriocghrúpaí difriúla, tig le daltaí:**
• **éisteacht go haireach;** Tig le daltaí an aird chéanna a thabhairt ar gach duine atá ag labhairt agus a bheith aireach le linn na gníomhaíochta iomláine. Tig leo achoimre a dhéanamh ar a bhfuil cluinte acu, ceisteanna a fhreagairt agus a bheith páirteach i bplé. • **ról a fhorbairt;** Tig le daltaí ról a ghlacadh agus a gcuid smaointe féin a chur in iúl leis an charachtar a fhorbairt, mar shampla, tuin agus comharthaíocht choirp.	• **éisteacht le faisnéis agus smaointe ábhartha agus iad a shainaithint;** Freagraíonn daltaí do na heochairphointí a bhaineann lena bhfuil cluinte acu. Léiríonn siad go dtig leo eolas ábhartha a shainaithint trí bheith ag trácht ar na smaointe atá mar bhunchuid den tasc agus trína gcur san áireamh. • **ionchur ábhartha a bheith acu i róil dhifriúla;** Tig le daltaí iad féin a oiriúnú do chásanna éagsúla a bhíonn ag athrú trí bheith ag cloí le ról agus rólghlacadh, plé grúpa, tobchumadóireacht srl. ar bun, mar shampla.
• **cur le plé ar bhonn ábhartha;** Éisteann daltaí le daoine eile agus freagraíonn siad dóibh trí dhearcthaí atá bunaithe ar a gcuid taithí/eolais féin a chur in iúl. Tig leo ráitis a dhéanamh leis an phlé a leathnú amach. • **ceisteanna a chur faoi dhearcthaí daoine eile agus freagra cuí a thabhairt orthu;** Idirghníomhaíonn daltaí le daoine eile agus freagraíonn siad dóibh trí bheith ag cur lena bhfuil ráite cheana.	• **a gcuid smaointe féin agus smaointe daoine eile a phlé;** Tig le daltaí daoine eile a cheistiú agus na láidreachtaí agus laigí i mbarúlacha daoine eile a thabhairt chun suntais, agus piarmheasúnú, díospóireachtaí, suíochán te, plé grúpa srl. ar bun. • **ceisteanna a chur le smaointe a fhiosrú agus a fhorbairt;** Éisteann daltaí go cúramach, tugann siad smaointe daoine eile faoi deara agus cuireann ceisteanna ábhartha a fhágann go bhfuil an tasc níos soiléire nó a chuidíonn lena fhorbairt. Tig le daltaí a gcuid smaointe féin a achoimriú.
• **faisnéis, smaointe agus barúlacha a mhíniú go soiléir;** • **stór focal cuí a úsáid;** Úsáideann daltaí stór focal atá ábhartha don chomhthéacs/ábhar atá faoi chaibidil.	• **cúiseanna taobh thiar de smaointe agus barúlacha a thabhairt;** • **faisnéis a chur in iúl go soiléir ag baint úsáid as stór focal cruinn;** Tig le daltaí smaointe agus barúlacha a chur in iúl ar bhealach forbartha agus tig leo fáthanna a thabhairt. Tig leo na focail is cuí agus stór sainfhocal nó focail a bhfuil nasc acu le comhthéacs an taisc a roghnú agus a úsáid, mar shampla, nuair a bhíonn cúrsaí filíochta á bplé acu úsáideann siad focail amhail file, véarsa agus rím.
• **cur chuige maidir lena gcuid cainte a phleanáil;** Tig le daltaí a bhfuil le rá acu a phleanáil, (má éilíonn an tasc é), agus lucht éisteachta agus cuspóir á gcur san áireamh acu.	• **a gcuid cainte a struchtúrú go soiléir;** Tig le daltaí a bhfuil le rá acu a chur in ord agus in eagar le go dtuigfidh daoine eile na smaointe acu gan stró. Tig leo a gcuid smaointe a chur in iúl go soiléir agus bíonn intreoir agus conclúid acu nuair is gá, agus caint fhaisnéiseach le haghaidh físchomhdhála á hullmhú acu, mar shampla.
• **teicnící agus sainréim teanga a úsáid le haird an duine atá ag éisteacht a tharraingt;** Tig le daltaí aird an duine atá ag éisteacht a tharraingt trí úsáid chuí a bhaint as tuin, tuinairde, luas agus airde agus trí bhéim a chur ar fhocail d'aon ghnó lena threisiú cé chomh tábhachtach agus atá pointe.	• **teicnící agus sainréim teanga a úsáid le haird an duine atá ag éisteacht a choinneáil;** Tig le daltaí suim an duine atá ag éisteacht a tharraingt agus a choinneáil trína dtuin a oiriúnú. Tig leo réimse de theicnící teanga eile a úsáid chomh maith, mar shampla, agus iad ag déanamh cur i láthair ar itheachán folláin cuireann siad an cheist reitriciúil, "Ar mhaith leat a bheith aclaí agus sláintiúil?".
• **dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le haird an duine atá ag éisteacht a tharraingt.** Tig le daltaí modhanna neamhbhriathartha a úsáid, mar shampla, sos a ghlacadh nó gotha gnúise nó comharthaíocht choirp a úsáid, le haird an duine atá ag éisteacht a tharraingt.	• **dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le spéis an duine atá ag éisteacht a choinneáil.** Tig le daltaí modhanna neamhbhriathartha amhail gotha, staidiúir, dreach, gotha gnúise srl. a úsáid le suim an duine atá ag éisteacht a tharraingt agus a choinneáil, mar shampla, teagmháil súl a dhéanamh leis an lucht éisteachta agus iad ag tabhairt óráide.

Leibhéil de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt
Leibhéil 1-7

Riachtanais le hAghaidh Cumarsáide Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna a fhorbairt in: **Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt** Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:	**Leibhéal 5** **I réimse de chomhthéacsanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus le haghaidh cuspóirí éagsúla agus spriocghrúpaí difriúla, tig le daltaí:**
• **éisteacht le plé, míniúcháin, rólghlacadh agus cur i láthair, iad seo a thuiscint agus a bheith rannpháirteach iontu;**	• **éisteacht le faisnéis agus smaointe ábhartha agus iad a shainaithint;** Freagraíonn daltaí do na heochairphointí a bhaineann lena bhfuil cluinte acu. Léiríonn siad go dtig leo eolas ábhartha a shainaithint trí bheith ag trácht ar na smaointe atá mar bhunchuid den tasc agus trína gcur san áireamh. • **ionchur ábhartha a bheith acu i róil dhifriúla;** Tig le daltaí iad féin a oiriúnú do chásanna éagsúla a bhíonn ag athrú trí bheith ag cloí le ról agus rólghlacadh, plé grúpa, tobchumadóireacht srl. ar bun, mar shampla.
• **ráitis a thabhairt, ceisteanna a chur agus freagairt do dhearcthaí daoine eile;**	• **a gcuid smaointe féin agus smaointe daoine eile a phlé;** Tig le daltaí daoine eile a cheistiú agus na láidreachtaí agus laigí i mbarúlacha daoine eile a thabhairt chun suntais, agus piarmheasúnú, díospóireachtaí, suíochán te, plé grúpa srl. ar bun. • **ceisteanna a chur le smaointe a fhiosrú agus a fhorbairt;** Éisteann daltaí go cúramach, tugann siad smaointe daoine eile faoi deara agus cuireann ceisteanna ábhartha a fhágann go bhfuil an tasc níos soiléire nó a chuidíonn lena fhorbairt. Tig le daltaí a gcuid smaointe féin a achoimriú.
• **faisnéis, smaointe, barúlacha, mothúcháin agus samhluithe a chur in iúl ag úsáid stór focal atá ag leathnú;**	• **cúiseanna taobh thiar de smaointe agus barúlacha a thabhairt;** • **faisnéis a chur in iúl go soiléir ag baint úsáid as stór focal cruinn;** Tig le daltaí smaointe agus barúlacha a chur in iúl ar bhealach forbartha agus tig leo fáthanna a thabhairt. Tig leo na focail is cuí agus stór sainfhocal nó focail a bhfuil nasc acu le comhthéacs an taisc a roghnú agus a úsáid, mar shampla, nuair a bhíonn cúrsaí filíochta á bplé acu úsáideann siad focail amhail file, véarsa agus rím.
• **a gcuid cainte a struchtúrú le go dtuigfidh daoine eile a gcuid smaointe;**	• **a gcuid cainte a struchtúrú go soiléir;** Tig le daltaí a bhfuil le rá acu a chur in ord agus in eagar le go dtuigfidh daoine eile na smaointe acu gan stró. Tig leo a gcuid smaointe a chur in iúl go soiléir agus bíonn intreoir agus conclúid acu nuair is gá, agus caint fhaisnéiseach le haghaidh físchomhdhála á hullmhú acu, mar shampla.
• **labhairt go soiléir agus dóigheanna labhartha a oiriúnú don lucht éisteachta agus don chás;**	• **teicnící agus sainréim teanga a úsáid le haird an duine atá ag éisteacht a choinneáil;** Tig le daltaí suim an duine atá ag éisteacht a tharraingt agus a choinneáil trína dtuin a oiriúnú. Tig leo réimse de theicnící teanga eile a úsáid chomh maith, mar shampla, agus iad ag déanamh cur i láthair ar itheachán folláin cuireann siad an cheist reitriciúil, "Ar mhaith leat a bheith aclaí agus sláintiúil?".
• **dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le smaointe a chur in iúl agus le haird an éisteora a tharraingt.**	• **dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid le spéis an duine atá ag éisteacht a choinneáil.** Tig le daltaí modhanna neamhbhriathartha amhail gotha, staidiúir, dreach, gotha gnúise srl. a úsáid le suim an duine atá ag éisteacht a tharraingt agus a choinneáil, mar shampla, teagmháil súl a dhéanamh leis an lucht éisteachta agus iad ag tabhairt óráide.

Leibhéal 6	Leibhéal 7
I réimse de chomhthéacsanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus le haghaidh cuspóirí éagsúla agus spriocghrúpaí difriúla, tig le daltaí:	**I réimse leathan de chomhthéacsanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, spriocghrúpaí neamhchoitianta san áireamh, agus le haghaidh cuspóirí éagsúla, tig le daltaí:**
• **éisteacht le faisnéis chasta agus bríonna intuigthe a shainaithint;** Tig le daltaí freagairt d'fhaisnéis chasta. Tig leo cineálacha éagsúla faisnéise ó réimse d'fhoinsí a phróiseáil, ag léiriú gur thuig siad na caolchúiseanna a bhí i gceist, mar shampla, agus iad ag déanamh anailíse ar chaint a thug cóitseálaí peile agus ag díriú ar na teicnící inspreagtha a bhí in úsáid. • **plé a chur chun cinn i róil dhifriúla;** Tig le daltaí ról suntasach a ghlacadh i gcásanna difriúla trí ionchur réamhghníomhach a bheith acu a chinntíonn go bhfuil daoine eile dírithe ar an tasc agus go bhfuil an plé á chur chun cinn, mar shampla, agus iad ag glacadh ról ionadaí Greenpeace agus plé grúpa ar bun faoi phleananna maidir le suíomh stáisiúin núicléach.	• **plé a dhéanamh ar an dóigh a gcuirtear faisnéis agus smaointe casta in iúl;** Tig le daltaí an dóigh ar léiríodh faisnéis chasta a chur in iúl go soiléir cruinn agus tig leo trácht ar na teicnící a bhí in úsáid le dearcadh áirithe a chur i láthair, mar shampla, agus iad páirteach i bplé grúpa le hanailís a dhéanamh ar óráid pholaitiúil a chonaic/chuala siad. • **cur le plé go sainiúil i róil dhifriúla;** Tig le daltaí cur le plé i réimse de chásanna éagsúla go diongbháilte agus go muiníneach. Tig leo tús a chur le plé agus daoine eile a spreagadh le bheith páirteach ann, agus iad ag glacadh ról an chathaoirligh agus plé grúpa ar bun, mar shampla.
• **a dtuiscint ar smaointe daoine eile a chur i bhfocail, trí chur leis an phlé go cuí agus go fiúntach;** • **ceisteanna a chur le dúshlán smaointe daoine eile a thabhairt go mothálach;** Tig le daltaí an méid a cuireadh in iúl a aithint, a dheimhniú agus a achoimriú. Tig leo ceisteanna a úsáid go héifeachtach le dearcthaí daoine eile a shoiléiriú agus lena ndúshlán a thabhairt, agus iad ag léiriú tuiscint dá ndearcthaí ag an am céanna.	• **páirt áititheach a ghlacadh i gcinnteoireacht agus comhaontú agus dúshlán in úsáid;** Tig le daltaí na castachtaí a bhaineann le mórcheist a cheistiú, a chur in iúl agus a ndúshlán a thabhairt. Tá tabhairt faoi deara iontu agus tig leo dearcthaí a chumasc le teacht ar chomhaontú le haghaidh cuspóir ar leith, agus iad páirteach i ndíospóireacht ar oideachas roghnaitheach, mar shampla.
• **smaointe agus barúlacha casta a chur in iúl agus a chosaint;** • **faisnéis agus smaointe a mhíniú go soiléir, agus dóigheanna cuí in úsáid le tacú le príomhphointí;** Tig le daltaí a gcuid smaointe agus barúlacha ar mhórcheisteanna níos casta a leathnú agus a fhorbairt agus iad ag baint úsáid as fianaise agus faisnéis ar leith le tacú le hargóint. Is dócha gur teanga chruinn dhírithe a bheidh in úsáid acu, agus iad ag caint os comhair an ranga ar thrí rud a gcuirfeadh siad cosc orthu ar fud an domhain, mar shampla, déanann siad a roghanna a mhíniú go háititheach.	• **fianaise chuí ó réimse foinsí a úsáid le tacú lena mbarúlacha agus a n-argóintí;** Tig le daltaí a gcuid smaointe agus barúlacha ar mhórcheisteanna níos casta a leathnú agus a fhorbairt, agus fianaise agus faisnéis ar leith ó réimse d'fhoinsí éagsúla a chumasc le tacú le hargóint. Is dócha go léireoidh an stór focal a úsáideann siad go bhfuil féith agus sofaisticiúlacht áirithe acu, úsáideann siad teanga chorraitheach, mar shampla, agus iad ag tabhairt óráid áititheach ar na contúirtí a bhaineann le fiosrú neamhrialaithe eolaíochta.
• **struchtúr agus ábhar na cainte a phleanáil agus a eagrú le bheith cruinn, loighciúil agus soiléir;** Tig le daltaí fianaise ar phróiseas pleanála a léiriú. Tig leo an t-ábhar a eagrú le go mbeidh an lucht éisteachta ábalta na pointí a nascadh, agus iad ag tabhairt óráid dhea-phleanáilte mhionsonraithe ar thopaic agus ag baint úsáid as bogearraí láithreoireachta, mar shampla.	• **faisnéis chasta a chur in iúl trína míniú do dhaoine eile ar dhóigh úrnua;** Tig le daltaí faisnéis chasta a struchtúrú ar dhóigh úrnua leithleach, téacs, caint agus grafaicí a chomhcheangal le coincheap a mhíniú agus iad ag déanamh beochana, mar shampla.
• **teicnící agus sainréim teanga a úsáid ar mhaithe le héifeacht;** Tig le daltaí spéis an duine atá ag éisteacht a choinneáil go comhfhiosach trí úsáid chuí a bhaint as teanga fhoirmiúil agus tuin. Roghnaíonn siad stór focal agus struchtúr abairtí a rachaidh i bhfeidhm ar an duine atá ag éisteacht. Is príomhthréith dá gcuid cainte úsáid abairtí dea-chumtha ina mbaintear feidhm as réimse de theicnící.	• **teicnící agus sainréim teanga a úsáid le faisnéis chasta agus smaointe casta a chur i láthair go héifeachtúil;** Tig le daltaí teanga a ionramháil le faisnéis chasta a chur in iúl ar mhaithe le héifeacht bheartaithe. Tig leo an fhaisnéis seo a chur in iúl go soiléir cruinn, agus muinín agus comhsheasmhacht a léiriú trasna réimse leathan de theicnící teanga, réimse de ghléasanna reitriciúla a úsáid agus iad ag tabhairt óráide, mar shampla.
• **dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid ar mhaithe le héifeacht.** Tig le daltaí an modh neamhbhriathartha is cuí a roghnú le spéis an duine atá ag éisteacht a choinneáil, sos a ghlacadh ar mhaithe le héifeacht ghrinn, mar shampla.	• **dóigheanna neamhbhriathartha a úsáid ar mhaithe le héifeacht.** Tig le daltaí réimse iomlán de mhodhanna neamhbhriathartha a úsáid d'aon turas le tionchar a imirt ar an duine atá ag éisteacht.

Sainmhíniú ar théarmaí

Léirbhrí
Smaointe agus faisnéis a chuirtear in iúl go beacht soiléir agus a fhágann nach féidir aon tátal a bhaint.

Brí intuigthe
Teachtaireacht chaolchúiseach taobh istigh de théacs a fhágann go gcaithfear tátal a bhaint, i bhfinscéal, mar shampla, nó i bhfáthscéal.

Seánra
Cineál téacs, a dhéantar a rangú de réir gnéithe ar leith teanga, Insint, mar shampla, nó Tuairisc.

Foirm
Téacs taobh istigh de sheánra atá struchtúrtha ar dhóigh a oireann don aidhm mholta agus don spriocghrúpa, cárta poist nó dialann mar shampla, taobh istigh den seánra Athinsint; oideas nó sraith treoracha taobh istigh den seánra Modh Oibre.

Foilseachán de chuid CCEA © 2012

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning